Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Nollaig 2020**
**(OR. en)**

**13684/20**

**JAI 1066**
**COPEN 366**
**EUROJUST 156**
**EJN 106**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13214/20 + COR 1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle 'An barántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta eiseachadta - dúshláin reatha agus an bealach chun cinn'<br>– An téacs mar a d'fhormheas an Chomhairle é |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle 'An barántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta eiseachadta – dúshláin reatha agus an bealach chun cinn', mar a d'fhormheas an Chomhairle trí Nós Imeachta i Scríbhinn an 1 Nollaig 2020.

Chomh maith leis sin foilsíodh na conclúidí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, féach IO C 419, 4.12.2020, lch. 23-29.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle**

**'An barántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta eiseachadta - dúshláin reatha agus an bealach chun cinn'**

**TÁ NA CONCLÚIDÍ A LEANAS FORMHEASTA AG AN gCOMHAIRLE:**

1. Is í príomhthosaíocht Chlár Oibre Straitéiseach 2019-2024, a ghlac an Chomhairle Eorpach an 20 Meitheamh 2019, saoránaigh agus saoirsí a chosaint. Ní mór go mbraithfeadh daoine saor sábháilte anseo san Eoraip. Chun na críche sin, ní mór an comhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus na coireachta trasteorann a leathnú agus a neartú. Ba cheart na huaillmhianta sin a léiriú le comhar in ábhair choiriúla agus an malartú faisnéise agus ní foláir cur i bhfeidhm na n-ionstraimí coiteanna a fheabhsú agus a fhorbairt a thuilleadh.

2. Le Cinneadh Réime an 13 Meitheamh 2002 ón gComhairle maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit (2002/584/CGB, Cinneadh Réime BGE)[1], arb í príomhionstraim an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla í, rinneadh an comhar idir na Ballstáit a shimpliú agus a luasghéarú. Tá rannchuidiú bunriachtanach á dhéanamh aige i gcónaí le comhlíonadh chuspóir an Aontais i dtaca le limistéar saoirse, slándála agus ceartais a chur ar fáil dá shaoránaigh.

[1] IO L 190, 18.7.2002, lch. 1.

3. Tionóladh plé roinnt uaireanta i ndáil leis an mbealach chun comhar breithiúnach in ábhair choiriúla a fheabhsú a thuilleadh. Le linn an phróisis sin, tháinig roinnt réimsí chun cinn ina bhféadfaí éifeachtacht shásra BGE um thabhairt suas a mhéadú a thuilleadh. Dá bhrí sin, in 2018, le linn Uachtaránacht na hOstaire, ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le haitheantas frithpháirteach in ábhair choiriúla, dar teideal 'Aitheantas frithpháirteach a chur chun cinn trí mhuinín fhrithpháirteach a fheabhsú'[2]. In 2019, d'eisigh Uachtaránacht na Rómáine tuarascáil dar teideal *The way forward in the field of mutual recognition of judicial decisions in criminal matters* [An bealach chun cinn i réimse an aitheantais fhrithpháirtigh do chinntí breithiúnacha in ábhair choiriúla][3]. Leis an tuarascáil chur chun feidhme is déanaí ón gCoimisiún an 2 Iúil 2020[4], an naoú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha atá fós ar siúl sa Chomhairle[5], an dréacht-tuarascáil chur chun feidhme ó Choiste LIBE de chuid Pharlaimint na hEorpa an 4 Meán Fómhair[6] agus an chomhdháil fhíorúil a tionóladh an 24 Meán Fómhair 2020 i gcomhthéacs Uachtaránacht na Gearmáine[7] cuireadh borradh nua faoi na pléití maidir le todhchaí BGE.

4. An 13 Meitheamh 2022 beidh 20 bliain ann ó glacadh Cinneadh Réime BGE. Ba cheart do na Ballstáit, an Coimisiún, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA), Eurojust, an Gréasán Breithiúnach Eorpach (EJN) agus cleachtóirí a oibríonn ar bhonn laethúil ar nósanna imeachta um thabhairt suas a seacht ndícheall a dhéanamh chun réitigh a aimsiú agus a chur chun feidhme i dtaca leis na dúshláin atá ann faoi láthair i ndáil leis an gCinneadh Réime a chur i bhfeidhm chun an comóradh sin a cheiliúradh.

---

2 IO C 449, 13.12.2018, lch. 6.
3 9728/19.
4 COM(2020) 270 final.
5 an 9ú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha ar ionstraimí dlí aitheantais fhrithpháirtigh i réimse an chaillte nó an tsriain saoirse, féach 6333/19 le haghaidh raon feidhme na meastóireachta.
6 Dréacht-tuarascáil maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit a chur chun feidhme (2019/2207(INI)), an 4 Meán Fómhair 2020; EPRS, Measúnú ar Chur Chun Feidhme Eorpach maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach, PE 642.839, Meitheamh 2020.
7 Féach an páipéar ón Uachtaránacht 11419/20.

5. Comhaontaíonn an Chomhairle go dteastaíonn feabhas sna réimsí seo a leanas:

A. Trasuí náisiúnta agus cur i bhfeidhm praiticiúil Chinneadh Réime BGE a fheabhsú,

B. Tacú leis na húdaráis fhorghníomhaitheacha agus iad ag déileáil le meastóireachtaí ar chearta bunúsacha,

C. Aghaidh a thabhairt ar ghnéithe áirithe den nós imeachta sa Bhallstát eisiúna agus sa Bhallstát forghníomhaitheach,

D. Plé le hiarrataí chun saoránaigh den Aontas a eiseachadadh chuig tríú tíortha,

E. Nósanna imeachta BGE um thabhairt suas a neartú tráth na géarchéime.

**A. Trasuí náisiúnta agus cur i bhfeidhm praiticiúil Chinneadh Réime BGE a fheabhsú**

6. Tá éifeachtúlacht agus éifeachtacht Chinneadh Réime BGE ag brath go príomha ar cheanglais dhlí an Aontais a bheith á dtrasuí ina n-iomláine sa reachtaíocht náisiúnta. D'ainneoin na n-iarrachtaí suntasacha atá déanta cheana féin, tá feabhas fós ag teastáil, go háirithe i bhfianaise chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) atá ag athrú.

7. Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar Cinneadh Réime BGE a thrasuí mar is ceart, agus cásdlí CBAE agus na moltaí a eascraíonn ón gceathrú babhta, agus ón naoú babhta atá fós ar siúl, de mheastóireachtaí frithpháirteacha[8], agus, chomh maith leis sin, na torthaí ó na tuarascálacha cur chun feidhme ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2006, an 11 Iúil 2007, an 11 Aibreán 2011 agus an 2 Iúil 20209 á gcur san áireamh mar is cuí. Ba cheart a thabhairt ar aire go bhfuil tús curtha ag an gCoimisiún le nósanna imeachta maidir le sárú faoi Airteagal 258 CFAE agus, i gcás inar gá, leanfaidh sé de nósanna imeachta den sórt sin a thionscnamh go luath amach anseo.

---

[8] Féach tuarascáil deiridh 8302/4/09 REV 4 agus 6333/19.

[9] COM(2006)8 final, COM(2007)407 final, COM(2011)175 final, COM(2020)270 final.

8. Is léir gur uirlis luachmhar do chleachtóirí é an Lámhleabhar maidir le conas barántas gabhála Eorpach a eisiúint agus a fhorghníomhú[10], arb é 2017 an uair dheiridh a tugadh cothrom le dáta é. I bhfianaise a bhfuil tagtha chun cinn idir an dá linn, go háirithe maidir le líon mór na mbreithiúnas ó CBAE, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún an Lámhleabhar a thabhairt cothrom le dáta go luath.

9. Iarrtar ar na Ballstáit é a dhéanamh níos éasca do chleachtóirí an reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear Cinneadh Réime BGE chun feidhme a chur i bhfeidhm agus a léiriú trí threoirlínte neamhcheangailteacha a leagan síos chun BGE a chur i bhfeidhm. Leis na treoirlínte sin, lenar cheart Lámhleabhar BGE a chur san áireamh agus ar cheart dóibh a bheith comhoiriúnach leis, d'fhéadfaí cuidiú le húdaráis bhreithiúnacha eisiúna, go háirithe a mhéid a bhaineann le fíorú an bhfuil na coinníollacha maidir le BGE a eisiúint á gcomhlíonadh agus an bhfuil prionsabal na comhréireachta á urramú.

10. Is léir gur uirlis úsáideach do chleachtóirí é forléargas Eurojust dar teideal *Case law by the Court of Justice of the EU on the EAW* [Cásdlí ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le BGE], arb é mí an Mhárta 2020 an uair dheiridh a tugadh cothrom le dáta é. Iarrann an Chomhairle ar Eurojust an forléargas sin a thabhairt cothrom le dáta mar is iomchuí, chomh minic agus is féidir, agus é a chur ar fáil go leictreonach i gcónaí i bhfoirm iomchuí.

11. Spreagann an Chomhairle na Ballstáit, an Coimisiún agus an Gréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach sna hiarrachtaí atá ar bun acu chun tacú le hoiliúint leanúnach do chleachtóirí atá rannpháirteach i nósanna imeachta BGE um thabhairt suas agus chun an oiliúint sin a mhéadú agus iarrann an Chomhairle orthu malartú tuairimí idir cleachtóirí ó Bhallstáit éagsúla a chur chun cinn a thuilleadh. Le teagmháil dhíreach idir cleachtóirí i mBallstáit éagsúla déantar muinín fhrithpháirteach a fheabhsú agus, ar an gcaoi sin, cuidítear le cur i bhfeidhm níos fearr Chinneadh Réime BGE. Ba cheart na deiseanna atá ann imeachtaí sonracha oiliúna a óstáil do chleachtóirí as dhá Bhallstát nó níos mó a bhfuil líon ard cásanna frithpháirteacha acu a fhiosrú a thuilleadh chun comhthuiscint a chur chun cinn.

---

[10] IO C 335, 6.10.2017, lch. 1.

12. Tá ról lárnach ag Eurojust agus ag an nGréasán Breithiúnach Eorpach (EJN) maidir le Cinneadh Réime BGE a chur i bhfeidhm go praiticiúil, mar a cuireadh chun suntais le linn phaindéim COVID-19. Iarrann an Chomhairle ar Eurojust agus ar EJN leanúint den obair luachmhar atá ar bun acu agus dlús a chur lena n-iarrachtaí chun feabhas breise a chur ar mhalartú faisnéise, ar chomhordú agus ar chomhar idir na húdaráis náisiúnta bhreithiúnacha agus, ina theannta sin, an tacaíocht is fearr is féidir a chur ar fáil don chomhar le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE).

13. Chun cur i bhfeidhm Chinneadh Réime BGE a fheabhsú a thuilleadh, ba cheart tairseach láraithe a sholáthar ar leibhéal an Aontais, tairseach ina mbaileofaí an fhaisnéis ábhartha uile lena bhféadfaí úsáid BGE a dhéanamh níos éasca do chleachtóirí agus ina ndéanfaí an fhaisnéis sin a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn leanúnach. Chun na críche sin, iarrtar ar EJN, i gcomhairle leis an gCoimisiún, Eurojust agus geallsealbhóirí ábhartha eile, féachaint ar na roghanna atá ann chun suíomh gréasáin EJN a leathnú agus a fheabhsú a thuilleadh, suíomh ar a bhfuil raon leathan faisnéise faoi BGE cheana féin agus ar bonn maith é, dá bhrí sin, i ndáil leis sin.

**B. Ag tacú leis na húdaráis fhorghníomhaitheacha agus iad ag déileáil le meastóireachtaí ar chearta bunúsacha**

14. Tá an córas a cuireadh ar bun le Cinneadh Réime BGE bunaithe ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh (aithris 6, Airteagal 82(1) CFAE); cé gurb é an riail é BGE a fhorghníomhú (Airteagal 1(2)), is eisceacht é diúltú forghníomhú a dhéanamh. Ní fhéadfaidh diúltú den sórt sin, a d'fhéadfadh cur leis an mbaol go mbeadh saoirse ó phionós ann agus dochar a dhéanamh do shlándáil na saoránach agus do chosaint íospartach, a bheartú, i bprionsabal, ach amháin sna himthosca a leagtar amach in Airteagail 3, 4 agus 4a den Chinneadh Réime. Cé nach sonraítear sa Chinneadh Réime foras le diúltú i gcás garbhaol a bheith ann do sháruithe ar chearta bunúsacha, níl sé d'éifeacht aige modhnú a dhéanamh ar oibleagáid na mBallstát cearta bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha a urramú, mar a chumhdaítear in Airteagal 6 CAE agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha (Airteagal 1(3), aithrisí 12 agus 13).

15. D'admhaigh CBAE go bhféadfaidh an t-údarás forghníomhaitheach breithiúnach, in imthosca eisceachtúla agus faoi réir coinníollacha áirithe, forghníomhú BGE a dhiúltú i gcás ina bhfuil fíorbhaol ann go bhféadfadh íde atá mídhaonna nó táireach a bheith mar thoradh ar thabhairt suas an duine lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 4 den Chairt[11], mar gheall ar na coinníollacha coinneála sa Stát eisiúna, nó sárú ar an gceart bunúsach chun triail chóir a fháil a chumhdaítear in Airteagal 47(2) den Chairt[12], mar gheall ar imní faoi neamhspleáchas na mbreithiúna sa Stát eisiúna. Dá bhrí sin, tá sé de chúram dúshlánach ar chleachtóirí an teannas idir aitheantas frithpháirteach agus cosaint na gceart bunúsach a réiteach ar bhonn cás ar chás.

*Cosaint ar íde mhídhaonna nó tháireach*

16. Tá toirmeasc iomlán ar íde nó ar phionós atá mídhaonna nó táireach mar atá leagtha síos in Airteagal 4 den Chairt, sa mhéid go bhfuil dlúthbhaint aige leis an meas ar dhínit an duine, arb é ábhar Airteagal 1 den Chairt é agus atá ar cheann de luachanna bunúsacha an Aontais agus a Bhallstát mar a leagtar amach in Airteagal 2 CAE[13] é.

17. Cuireann an Chomhairle i dtreis i ndáil leis na dúshláin a bhaineann le coinníollacha coinneála sa Bhallstát eisiúna, gurb é sa Bhallstát sin a chaithfear aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, agus maidir le gach duine atá faoi choinneáil. Cuireann sí chun suntais go bhfuil caighdeáin íosta agus tagarmharcanna ann cheana féin, maidir le coinníollacha coinneála, lena n-áirítear maidir le coinneáil réamhthrialach, i bhfoirm ionstraimí dlí bhoig, go háirithe 'Rialacha Phríosúin na hEorpa'[14] de chuid Chomhairle na hEorpa. Molann an Chomhairle do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun comhlíontacht leis na hionstraimí sin a áirithiú.

---

**11** CBAE, an 5 Aibreán 2016, C-404/15, Aranyosi agus Caldararu; CBAE, an 25 Iúil 2018, C-220/18 PPU; CBAE, an 15 Deireadh Fómhair 2019, C-128/18, Dorobantu.

**12** CBAE, an 25 Iúil 2018, C-216/18 PPU, LM. Féach na himeachtaí atá ar feitheamh i gcásanna uamtha C-354/20 PPU agus C-412/20 PPU, Openbaar Ministerie e.a.

**13** CBAE, an 5 Aibreán 2016, C-404/15, Aranyosi agus Caldararu, míreanna 85, 87.

**14** Moladh Rec (2006)2 ó Choiste na nAirí chuig na Ballstáit maidir le Rialacha Phríosúin na hEorpa.

18. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé an tacaíocht agus an fhaisnéis is gá a sholáthar do na cleachtóirí chun an measúnú dhá chéim a leagtar amach in CBAE[15] a dhéanamh. Ní mór rochtain a bheith ag cleachtóirí ar fhaisnéis atá oibiachtúil, iontaofa, sonrach agus a nuashonraítear i gceart chun a mheas, mar chéad chéim, an bhfuil easnaimh ann maidir leis na coinníollacha coinneála sa Bhallstát eisiúna, a d'fhéadfadh a bheith sistéamach nó ginearálaithe, a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do ghrúpaí áirithe daoine, nó a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'áiteanna coinneála áirithe. Don dara céim den mheasúnú, ní mór do chleachtóirí, de bhun Airteagal 15(2) de Chinneadh Réime BGE, an fhaisnéis uile is gá a fháil maidir leis na coinníollacha faoina bhfuil sé beartaithe an duine lena mbaineann a choinneáil sa Bhallstát eisiúna, chun a mheas an bhfuil forais shubstaintiúla ann chun a chreidiúint, dá dtabharfaí suas é, go mbeadh fíorbhaol ann go dtabharfaí íde mhídhaonna nó tháireach don duine sin.

19. Is díol sásaimh don Chomhairle, chun feabhas a chur ar an rochtain ar an bhfaisnéis is gá, gur sheol Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) an bunachar sonraí um choinneáil choiriúil in 2019, lenar tugadh le chéile in aon áit amháin faisnéis ó 2015 go 2019 maidir le coinníollacha coinneála i mBallstáit uile an Aontais. Iarrtar ar FRA an bunachar sonraí sin a nuashonrú go tráthrialta chun a áirithiú go gcomhlíonann an fhaisnéis a sholáthraítear na ceanglais atá leagtha amach ag CBAE agus, sa mheántéarma, measúnú a dhéanamh an gcomhlíonann an bunachar sonraí na riachtanais a bhíonn ann sa chleachtas.

20. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, agus Lámhleabhar BGE á nuashonrú aige, béim ar leith a chur ar threoir a sholáthar do chleachtóirí maidir leis an mbealach chun déileáil le ceist na gcoinníollacha coinneála, ag cur san áireamh torthaí an naoú babhta de mheasúnuithe frithpháirteacha. Sa chomhthéacs sin, ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh freisin ar a inmholta atá sé réitigh phraiticiúla a fhorbairt, amhail teimpléad chun faisnéis fhorlíontach a iarraidh de bhun Airteagal 15(2) de Chinneadh Réime BGE.

[15] CBAE, an 5 Aibreán 2016, C-404/15, Aranyosi agus Caldararu; CBAE, an 25 Iúil 2018, C-220/18 PPU, míreanna 88-94; CBAE, an 15 Deireadh Fómhair 2019, C-128/18, Dorobantu, míreanna 52-55.

*An ceart chun triail chóir a fháil a choimirciú*

21. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an gceart triail chóir a fháil, mar a leagtar amach in Airteagal 47(2) den Chairt, ceart lena ráthaítear go ndéanfar na cearta uile a eascraíonn ó dhlí an Aontais a chosaint agus go ndéanfar na luachanna is coiteann do na Ballstáit a leagtar amach in Airteagal 2 CAE, go háirithe luach an smachta reachta, a choimirciú.[16]

22. Meabhraíonn an Chomhairle do na Ballstáit a bhfreagracht a áirithiú go n-urramófar an smacht reachta san Aontas agus an ceart chun triail chóir a fháil a choimirciú agus, go háirithe, rochtain ar bhinse neamhspleách neamhchlaon a choimirciú. Ní mór do na Ballstáit na bearta is gá a ghlacadh chun na heasnaimh a leigheas chun iontaoibh fhrithpháirteach a neartú agus chun an baol go ndéanfaí an comhar a pholaitiú in ábhair choiriúla a sheachaint. Iarann an Chomhairle ar an gCoimisiún úsáid a bhaint as an bhfeidhm atá aige mar chaomhnóir na gConarthaí i ndáil leis sin.

23. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé an tacaíocht agus an fhaisnéis is gá a sholáthar do chleachtóirí chun an measúnú dhá chéim is gá a dhéanamh i gcásanna ina líomhnaítear go bhfuil an baol ann go sárófaí Airteagal 47(2) den Chairt mar a leagtar amach in CBAE[17]. Ní mór rochtain a bheith ag cleachtóirí ar ábhar atá oibiachtúil, iontaofa, sonrach agus a nuashonraítear i gceart, chun a mheas, mar chéad chéim, an bhfuil fíorbhaol ann, a bhaineann le heaspa neamhspleáchais na gcúirteanna sa Bhallstát eisiúna mar gheall ar easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe, go sárófaí an ceart bunúsach chun triail chóir. Maidir leis an dara céim, ní mór do chleachtóirí, de bhun Airteagal 15(2) de Chinneadh Réime BGE, an fhaisnéis uile is gá a fháil chun a mheas an bhfuil forais shubstaintiúla ann lena chreidiúint go mbeidh baol den sórt sin ann don duine lena mbaineann má thugtar suas é nó í, ag féachaint do staid phearsanta an duine sin, chomh maith le cineál an chiona agus an comhthéacs fíorasach atá mar bhonn BGE.

16 CBAE, an 25 Iúil 2018, C-216/18 PPU, LM, mír 48.
17 CBAE, an 25 Iúil 2018, C-216/18 PPU, LM, míreanna 61, 68, 79.

24. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, agus an Lámhleabhar BGE á nuashonrú aige, treoir a thabhairt do chleachtóirí maidir le conas déileáil le cásanna ina líomhnaítear go bhfuil an baol ann go sárófaí Airteagal 47(2) den Chairt agus, i gcomhairle le FRA, na bealaí chun feabhas a chur ar rochtain na gcleachtóirí ar fhaisnéis agus ar na foinsí faisnéise a bhféadfaidh cleachtóirí tagairt a dhéanamh dóibh a mheas, agus na critéir atá leagtha amach ag CBAE á gcur san áireamh.

*Na dearbhuithe*

25. I gcomhréir le hAirteagal 15(2) de Chinneadh Réime BGE agus le prionsabal an chomhair dhílis mar atá leagtha amach sa chéad fhomhír d'Airteagal 4(3) CAE, féadfaidh an t-údarás forghníomhaithe faisnéis fhorlíontach a iarraidh agus féadfaidh an t-údarás eisiúna dearbhuithe a thabhairt nach ndéanfar sárú ar chearta bunúsacha an duine lena mbaineann, má thugtar suas é nó í.[18]

26. I bhfianaise na muiníne frithpháirtí nach mór a bheith ann i measc údaráis bhreithiúnacha na mBallstát agus ar a bhfuil córas an bharántais gabhála Eorpaigh bunaithe, cuireann an Chomhairle i dtreis gur ar na dearbhuithe sin a bhraithfidh an t-údarás forghníomhaitheach breithiúnach, ar a laghad murab ann d'aon sonraí ar leith dá mhalairt.[19]

---

[18] CBAE, an 25 Iúil 2018, C-220/18 PPU, ML, míreanna 108-110.
[19] CBAE, an 25 Iúil 2018, C-220/18 PPU, ML, mír 112.

## C. Aghaidh a thabhairt ar ghnéithe áirithe den nós imeachta sa Bhallstát eisiúna agus sa Bhallstát forghníomhaitheach

*Cearta nós imeachta in imeachtaí BGE a neartú*

27. Tá dul chun cinn nach beag bainte amach cheana féin maidir le cearta nós imeachta an amhrastaigh nó an chúisí in imeachtaí coiriúla. Agus an Treochlár chun cearta nós imeachta a neartú[20] mar chuid de Chlár Stócólm á chur chun feidhme[21], bunaíodh íoscheanglais choiteanna maidir le himeachtaí coiriúla le Treoir 2010/64/AE (maidir leis an gceart chun ateangaireachta agus chun aistriúcháin) Treoir 2012/13/AE (maidir leis an gceart chun faisnéise), Treoir 2013/48/AE (maidir leis an gceart chun dlíodóir a rochtain), Treoir (AE) 2016/343 (maidir le gnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta a neartú mar aon leis an gceart bheith i láthair ag an triail), Treoir (AE) 2016/800 (maidir le coimircí nós imeachta i gcomhair leanaí), agus Treoir (AE) 2016/1919 (maidir le cúnamh dlíthiúil).

28. Léirítear sna tuarascálacha cur chun feidhme ón gCoimisiún, an 18 Nollaig 2018 maidir le Treoir 2010/64/AE[22] agus Treoir 2012/13/AE[23], agus an 27 Meán Fómhair 2019 maidir le Treoir 2013/48/AE[24], go bhfuil gá soiléir ann le feabhas a chur ar thrasuí na dTreoracha sin. Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit lena mbaineann na heasnaimh a sainaithníodh sna tuarascálacha cur chun feidhme a leigheas agus cur chun feidhme iomlán agus ceart na dTreoracha a áirithiú. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil tús curtha ag an gCoimisiún le nósanna imeachta maidir le sárú faoi Airteagal 258 CFAE agus, i gcás inar gá, go leanfaidh sé de nósanna imeachta den sórt sin a thionscnamh go luath amach anseo.

---

[20] Rún ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir leis an Treochlár chun cearta nós imeachta an amhrastaigh nó an chúisí in imeachtaí coiriúla a neartú, IO C 295, 4.12.2009, lgh. 1-3.

[21] Clár Stócólm – Eoraip a bheidh oscailte agus slán, a fhónfaidh do na saoránaigh agus a chosnóidh iad, (IO C 115, 4.5.2010, lch. 1-38).

[22] COM(2018) 857 final.

[23] COM(2019) 560 final.

[24] COM(2018) 858 final.

29. Cuireann an Chomhairle i dtreis nach mór measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht phraiticiúil na gceart nós imeachta in imeachtaí sna Ballstáit eisiúna agus forghníomhaithe faoi Chinneadh Réime BGE. I ndáil leis sin, is rannchuidiú luachmhar é an tuarascáil a d'fhoilsigh FRA an 27 Meán Fómhair 2019 (*Rights in practice: access to a lawyer and procedural rights in criminal and EAW proceedings*) [Cearta i gcleachtas: an ceart chun dlíodóir a rochtain agus cearta nós imeachta in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí BGE], ina gcumhdaítear an staid in ocht gcinn de na Ballstáit. Iarrann an Chomhairle ar FRA féachaint an bhféadfaí leanúint den staidéar go dtí 2022, agus é a leathnú chuig na Ballstáit uile agus béim ar leith a chur ar thaithí dlíodóirí atá ag gníomhú in imeachtaí um thabhairt suas.

*Aistriúcháin*

30. Meabhraítear don Chomhairle nach mór BGE a aistriú go ceann de theangacha oifigiúla an Bhallstáit fhorghníomhaithe nó ceann de na teangacha lena nglactar sa Bhallstát sin agus cuireann sí i bhfios go láidir go bhfuil aistriúchán leordhóthanach riachtanach ionas go bhfeidhmeoidh nósanna imeachta um thabhairt suas BGE go héifeachtach.

31. Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit a marana a dhéanamh, maidir le haistriúchán ar BGE, féachaint an bhféadfaí leas níos fearr – ná mar a dhéantar faoi láthair – a bhaint as an bhféidearthacht dá bhforáiltear in Airteagal 8(2) de Chinneadh Réime BGE, eadhon glacadh le haistriúchán i gceann amháin nó níos mó de theangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh, d'fhonn an nós imeachta a shimpliú agus a bhrostú.

*Imeachtaí a aistriú agus easaontachtaí dlínse*

32. D'fhonn saoirse ó phionós in Eoraip gan teorainneacha a sheachaint, ní mór an méid seo a leanas a fhiosrú *inter alia*, cé mar is féidir imeachtaí a aistriú go héifeachtach agus cé mar is féidir easaontachtaí dlínse a réiteach mar shampla nuair a dhiúltaítear BGE a fhorghníomhú, nuair atá easaontacht dlínse ann, nó i gcás go mbíonn imeachtaí comhthreomhara in dhá Bhallstát nó níos mó i ndáil leis na fíricí céanna.

33. Cé gurb é is aidhm don Chinneadh Réime ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le heasaontachtaí dlínse in imeachtaí coiriúla a chosc agus a shocrú (2009/948/CGB)[25] imeachtaí comhthreomhara a chosc i ndáil leis na fíricí céanna agus sáruithe céanna ar an bprionsabal *ne bis in idem*, tá sé teoranta d'fhorálacha a bhunú maidir le malartú faisnéise agus comhairliúcháin dhíreacha idir údaráis inniúla na mBallstát. Mar a chuirtear i dtreis sa Tuarascáil maidir le *Eurojust's casework in the field of prevention and resolution of conflicts of jurisdiction* [Cásobair Eurojust i réimse easaontachtaí dlínse a chosc agus a réiteach] an 16 Feabhra 2018, tá deacrachtaí fós le sárú, go háirithe i gcásanna a mbíonn castacht ag baint leo agus i gcásanna a mbaineann easaontachtaí diúltacha dlínse leo.

34. Níl aon chreat dlíthiúil comhchoiteann ann faoi láthair chun imeachtaí coiriúla idir na Ballstáit a aistriú. 13 Bhallstát a dhaingnigh an Coinbhinsiún Eorpach maidir le himeachtaí in ábhair choiriúla a aistriú an 15 Bealtaine 1972. Is ar úsáid an Choinbhinsiúin Eorpaigh maidir le Cúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla an 20 Aibreán 1959 i gcomhar leis an gCoinbhinsiún um Chúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh an 29 Bealtaine 2000, nó ar chomhaontuithe déthaobhacha nó ar an gcomhar neamhfhoirmiúil a bhraitheann na Ballstáit eile.

35. Go nuige seo, in ainneoin iarrachtaí móra, go háirithe an tionscnamh ó 16 Bhallstát le haghaidh Cinneadh Réime ón gComhairle maidir le himeachtaí in ábhair choiriúla a aistriú in 2009[26], ní rabhthas in ann teacht ar chomhthoil maidir le hionstraim de chuid an Aontais. Mar sin féin, léirítear i dtuarascáil Eurojust an 16 Feabhra 2018 agus sna conclúidí ón 52ú Cruinniú Iomlánach de chuid an EJN in 2019[27], go mbíonn dúshláin dhlíthiúla agus phraiticiúla le sárú ag dlíodóirí mar thoradh air sin agus, dá bhrí sin, is gnách leo tacú le cruthú ionstraime AE.

[25] IO C 328, 15.12.2009, lgh. 42-47.
[26] IO C 219, 12.9.2009, lgh. 7-17.
[27] 14501/19.

36. D'fhéadfadh comhrialacha idir na Ballstáit maidir le haistriú imeachtaí agus easaontachtaí dlínse a bheith, i bprionsabal, ina rannchuidiú tábhachtach sa chomhrac i gcoinne na coireachta trasteorann trí éifeachtúlacht imeachtaí coiriúla a mhéadú agus trí riar cuí an cheartais laistigh den limistéar saoirse, slándála agus ceartais a fheabhsú.

37. Moladh sa tuarascáil a d'eisigh Uachtaránacht na Rómáine *The way forward in the field of mutual recognition of judicial decisions in criminal matters* [An bealach chun cinn i réimse an aitheantais fhrithpháirtigh do chinntí breithiúnacha in ábhair choiriúla][28] go ndéanfaí scrúdú breise ar an ngá atá le togra reachtach a sheoladh maidir le haistriú imeachtaí in ábhair choiriúla i gcomhthéacs níos leithne, lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar fhorálacha Chinneadh Réime 2009/948/CGB maidir le heasaontachtaí dlínse. I bhfianaise na tuarascála sin, mhaoinigh an Coimisiún staidéar acadúil ar aistriú imeachtaí in ábhair choiriúla a thabharfar chun críche sa dara leath de 2021.

38. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, a luaithe a bheidh toradh an staidéir ar fáil, plé a dhéanamh leis na Ballstáit, le Eurojust agus le EJN cibé acu atá nó nach bhfuil an togra nua le haghaidh ionstraim de chuid an Aontais Eorpaigh maidir le haistriú imeachtaí in ábhair choiriúla indéanta agus féachaint an mbeadh breisluach ag baint leis. Ós amhlaidh atá, iarrtar ar an gCoimisiún measúnú tionchair agus, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a ullmhú.

*Malartacha in ionad coinneála agus úsáid BGE a chur chun cinn*

39. Molann an Chomhairle do na Ballstáit féachaint ar na deiseanna atá ann feabhas a chur, i gcás inarb iomchuí, ar úsáid smachtbhannaí agus beart neamhchoinneála mar a leagtar amach sna conclúidí ón gComhairle a glacadh le linn Uachtaránacht na Fionlainne maidir le húsáid smachtbhannaí agus beart neamhchoinneála i réimse an cheartais choiriúil.[29]

**28** 9728/19.
**29** IO C 422, 16.12.2019, lch. 9.

40. Agus na hiarmhairtí a bheidh ann de bharr fhorghníomhú BGE a mhéid a bhaineann le saoirse an duine á mbreithniú acu, ní mór don údarás eisiúna a chinneadh an bhfuil sé comhréireach BGE a eisiúint i bhfianaise na n-imthosca sonracha a bhaineann le gach cás. Áirítear sa mheasúnú sin, go háirithe, an cheist an é BGE an ionstraim is iomchuí nó an bhfeadfaí bearta comhair bhreithiúnaigh eile a úsáid ina hionad (e.g. orduithe imscrúdaithe Eorpacha, orduithe maoirseachta Eorpacha, aistriú príosúnach).

41. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit féachaint an gá neartú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as bearta comhair bhreithiúnaigh eile, agus torthaí an naoú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha atá fós ar bun á gcur san áireamh.

## D. Plé le hiarrataí chun saoránaigh den Aontas a eiseachadadh chuig tríú tíortha

42. Meabhraíonn an Chomhairle an malartú tuairimí ar an staid imeartha maidir le láimhseáil iarrataí ar eiseachadadh ó thríú tíortha a bhaineann le saoránaigh de chuid an Aontais nach náisiúnaigh den Bhallstát iarrtha iad ag an bhfíschomhdháil neamhfhoirmiúil a bhí ag na hairí ceartais an 4 Meitheamh 2020.

43. Ag eascairt as breithiúnais CBAE i g*cás Petruhhin* agus roinnt rialuithe ina dhiaidh sin[30], cuirtear dhá oibleagáid ar na Ballstáit agus na hiarrataí sin á láimhseáil acu: ar thaobh amháin, an dualgas na hoibleagáidí atá ann cheana a chomhlíonadh faoin dlí idirnáisiúnta agus dul i ngleic leis an mbaol nach ndéanfar an cion lena mbaineann a phionósú agus ar an taobh eile, go bhfuil sé d'oibleagáid ar na Ballstáit nach n-eiseachadann a náisiúnaigh, i gcomhréir le prionsabail na saorghluaiseachta agus an neamh-idirdhealaithe ar fhorais náisiúntachta, saoránaigh as Ballstáit eile a chosaint, a éifeachtaí is féidir, ar bhearta a d'fhéadfadh na cearta chun saorghluaiseachta agus chun cónaí laistigh den Aontas atá acu a bhaint díobh. I ndáil leis sin, tá soiléiriú tugtha ag CBAE nach mór don Bhallstát iarrtha a fháil amach an ann do bheart malartach nach ndéanfadh an dochar céanna d'fheidhmiú na gceart chun saorghluaiseachta agus a bheadh chomh éifeachtach céanna chun an cuspóir i ndáil le cosc ar shaoirse ó phionóis a bhaint amach[31]. Áirítear leis sin an Ballstát dá bhfuil an duine lena mbaineann ina náisiúnach a chur ar an eolas agus má iarrann an Ballstát sin amhlaidh, an duine iarrtha a thabhairt suas don Bhallstát sin, de bhun Chinneadh Réime BGE, ar choinníoll go bhfuil dlínse ag an mBallstát sin an duine sin a ionchúiseamh i gcás cionta a dhéantar lasmuigh den chríoch náisiúnta[32].

44. Rinneadh obair shuntasach chun léargas a thabhairt ar phrionsabail *Petruhhin* a bheith á gcur i bhfeidhm ar bhonn praiticiúil ag na Ballstáit.[33] Mar sin féin, níl réiteach sa chásdlí atá ann cheana nuair nach féidir leis an mBallstát náisiúntachta BGE a eisiúint i leith an duine iarrtha.

---

[30] CBAE, an 6 Meán Fómhair 2016, C-182/15, Petruhhin; CBAE, an 10 Aibreán 2018, C-191/16, Pisciotti; CBAE, an 13 Samhain 2018, C-247/17 Raugevicius; CBAE, an 2 Aibreán 2020, C-897/19 PPU, Ruska Federacija; féach cás C-398/19, Generalstaatsanwaltschaft Berlin, atá ar feitheamh.

[31] CBAE, an 6 Meán Fómhair 2016, C-182/15, Petruhhin, míreanna 41, 47-50.

[32] CBAE, an 6 Meán Fómhair 2016, C-182/15, Petruhhin, míreanna 41, 47-50.

[33] Féach doiciméid na Comhairle 10429/17, 15786/17, 15207/17.

45. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil anailís fhíor-úsáideach déanta ag Eurojust agus ag EJN ar an gcaoi a láimhseálann tríú tíortha iarrataí ar shaoránaigh an Aontais a eiseachadadh i gcleachtas. Pléifidh an Chomhairle torthaí na hanailíse sin go tráthúil agus déanfaidh sí cinneadh faoin gceist ar cheart aon ghníomhaíocht leantach a dhéanamh agus, más rud é gur cheart, cén cruth a bheidh ar ghníomhaíocht dá leithéid.

46. Is léir ó thaithí phraiticiúil na mBallstát éagsúil gurb ann do chásanna ina gcuireann tríú tíortha iarrataí gan bhunús agus iarrataí mí-úsáideacha ar eiseachadadh isteach. I bhfianaise thorthaí na hanailíse a d'ullmhaigh Eurojust agus EJN, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún féachaint an bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta, amhail an moladh go mbeadh cur chuige comhpháirteach ann chun déileáil le hiarrataí cuardaigh agus eiseachadta ó thríú tíortha a d'fhéadfadh a bheith mí-úsáideach agus arbh iad cuspóirí polaitiúla is bonn leo. Sa chomhthéacs sin, ba cheart dea-chleachtais na mBallstát a chur san áireamh.

**E. Nósanna imeachta BGE um thabhairt suas a neartú in aimsir na géarchéime**

47. Chun go gcuirfear cosc ar scaipeadh COVID-19, tá bearta éagsúla déanta ag na Ballstáit, amhail teorainneacha a dhúnadh, an aerthrácht a chur ar fionraí agus rialacha diana maidir le teagmhálacha agus scaradh sóisialta. Bhí tionchar suntasach aige sin freisin ar an gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla, go háirithe ar nósanna imeachta um thabhairt suas faoi Chinneadh Réime BGE.

48. Cuireann an Chomhairle i dtreis a ríthábhachtaí atá sé don limistéar saoirse, slándála agus ceartais go n-áiritheofar dea-fheidhmiú an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla in aimsir na géarchéime. De dheasca COVID-19, cuireadh chun suntais a thábhachtaí atá sé faisnéis agus taithí a mhalartú go mear agus ar bhealach comhordaithe agus gur gá comhar idir na Ballstáit a dhigitiú a thuilleadh.

49. Maidir leis an malartú faisnéise agus taithí is gá in aimsir na géarchéime, tá sé ríthábhachtach gur cur chuige comhordaithe a bheidh ag na gníomhaithe uile lena mbaineann chun dúbláil na hoibre a sheachaint agus chun bailiú agus dáileadh na faisnéise a chuíchóiriú. Chonacthas gur luachmhar an uirlis é úsáid a bhaint as ceistneoirí chun faisnéis a bhailiú agus ina theannta sin gur uirlis luachmhar é an tiomsú a dhéanann Eurojust agus EJN agus a thugtar cothrom le dáta go rialta, lena dtiomsaítear faisnéis a fhaigheann Eurojust, EJN agus Uachtaránacht/Ardrúnaíocht na Comhairle, ar mhaithe le faisnéis a mhalartú ar bhealach comhordaithe agus gur mór an cúnamh é sin do chleachtóirí. Ba cheart aird a thabhairt ar ardán leictreonach a chruthú amach anseo ar a bhféadfaí, in aimsir na géarchéime, féachaint ar fhaisnéis chabhrach agus an fhaisnéis sin a nuashonrú ar bhonn laethúil.

50. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go bhfuil ról lárnach ag an digitiú. De dheasca COVID-19, is ríléir anois gur gá an comhar breithiúnach trasteorann a dhigitiú go pras agus go cuimsitheach mar a léirítear sna conclúidí ón gComhairle maidir le 'Rochtain ar an gceartas – na deiseanna a ghabhann leis an digitiú a thapú', a comhaontaíodh faoi Uachtaránacht na Gearmáine[34]. I mórán cásanna, is féidir saincheisteanna praiticiúla a shárú trí bhíthin réitigh dhigiteacha.

51. Is díol sásaimh don Chomhairle an tuarascáil deiridh ón gCoimisiún maidir leis an staidéar ar *Cross-border Digital Criminal Justice* [Ceartas Cóiriúil Digiteach Trasteorann] arna foilsiú an 14 Meán Fómhair 2020. Leis na bearta a ghlacfar mar thoradh ar an staidéar seo, ba cheart go dtabharfaí aird ar leith ar na gnéithe seo a leanas: bealaí cumarsáide leictreonacha slána a chruthú idir údaráis inniúla, cur chuige cuíchóirithe i leith sínithe leictreonacha a aithint agus a úsáid, nó úsáid níos solúbtha a bhaint as na córais atá ann cheana ar a laghad, modhanna slána a chruthú chun comhaid mhóra a tharchur agus ailíniú níos fearr a dhéanamh ar chórais físchomhdhála, go háirithe a mhéid a bhaineann lena gcáilíocht agus lena n-idir-inoibritheacht theicniúil.

---

[34] IO C 342I, 14.10.2020, lgh. 1-7.